

# Oiliúint do Phríomhoidí

Cláraigh ar ár suíomh: <https://www.foras.ie/oiliuint-do-phriomhoidi/>

Pátrún Lán-Ghaeilge  
Do Scoileanna Lán-Ghaeilge



**13 DF 2022**  
**Déardaoin, 7in**



## Sláinte & Sábháilteacht

*Árachas na scoile, measúnú ar riosca, seicliostaí, druileanna aslonnaithe, cúraimí foirne, srl.*



# Clár an chruinnithe

- Forléargas ar na dualgais Sláinte agus Sábháilteachta
- Measúnú Riosca na Príomhghnéithe le hAoíchainteoir Ciarán Doyle ó Aston Lark/Allianz




AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA

# Dhá lámhleabhar foilsithe ag HSA

## Do Bhunscoileanna & Meánscoileanna

- Is cur chuige céim ar chéim chun córas bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa do scoileanna a bhunú.
- Tá uirlisí agus teimpléid chun tacú leis an scoil na córais seo a chur i bhfeidhm.
- Sraith teimplead mheasúnaithe riosca a chabhróidh go mór le riosca a laghdú



AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA

# Cé dóibh na Treoirlínte seo?

- Ba chóir do Bhoird Bhainistíochta/Coistí Gairmoideachais, bainisteoirí scoile, Príomhoidí, Leas-phríomhoidí, foireann teagaisc agus neamh-theagaisc agus aon fhoireann eile iomchuí na Treoirlínte a léamh.
- Ba chóir go mbeadh rochtain ag gach ball de phobal na scoile ar na Treoirlínte

# Cén fáth go ndéanfaí sábháilteacht agus sláinte a bhainistiú?

- Cúiseanna morálta, dlíthiúla agus eiticiúla
- Bíonn guaiseacha agus rioscaí i scoileanna, amhail aon áit oibre eile.
- Is timpeallacht uathúil í scoil, ós rud é go roinntear í le i bhfad níos mó neamh-oibrithe ná le hoibrithe, .i. na daltaí.
- Is féidir le timpistí gairme a bheith an-chostasach agus is minic a bhíonn costais ghaolmhara le n-íoc ag fostóirí dá bharr:
  - pá breoiteachta, lucht saothair a chur ina (h)ionad go sealadach, luathscor, lucht saothair nua a earcú agus athoiliúint.
  - damáiste do ghléasra, trealamh, ábhair agus táirgí a dheisiú;
  - an t-am bainistíochta a chaitear ag pléi le timpistí;
  - ardú ar mhéid na dtáillí árachais agus na gcostais dlí;
  - éilimh ar chúiteamh.

# Buntáistí

Cuireann córas bainistíochta forghníomhach SSL timpeallacht oibre níos sábháilte chun cinn agus seachnaítear timpistí agus teagmhais.

Chomh maith le costais a laghdú, cinntíonn sé

- go bhfuil socruithe maithe sábháilteachta, sláinte agus leasa i bhfeidhm don fhoireann, do dhaltaí agus do dhuine ar bith a dtéann gníomhaíochtaí oibre na scoile i bhfeidhm orthu;
- go bhfuil na múinteoirí agus an fhoireann eile muiníneach go bhfuil córais sábháilteachta, sláinte agus leasa atá pleanáilte go maith i bhfeidhm agus iad ag obair;
- nach gcuirtear acmhainní amú; go bhfuil baint ag tosaíochtaí airgeadais le measúnaithe riosca cúramacha;
- go laghdaítear neamhláithreacht foirne de bharr gortuithe nó drochshláinte gairme;
- go laghdaítear líon na dtimpistí agus méid na gcostas gaolmhar;
- go bhfeabhsaítear meanma daltaí, foirne agus tuismitheoirí/caomhnóirí na scoile;
- go laghdaítear líon agus costas na n-éileamh ar chúiteamh.

# Cé ata freagrach ?

- In Éirinn, is é an bord bainistíochta mar fhostóir atá freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas a oibrithe a chinntiú ag an obair chomh fada is atá praiticiúil go réasúnta
- Tá cead ag an mbord dualgais a tharmligean d'fhostaithe ó Is go lá ar a shon. (príomhoidí, leas-phríomhoidí, múinteoirí agus daoine eile )
- Ach is ar an mbord bainistíochta atá an fhreagracht dheiridh
- Tá páirt le glacadh ag gach duine sa scoil chun dea-chleachtais shábháilteachta, sláinte agus leasa a chur chun cinn; múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, daltaí, cuairteoirí agus conraitheoirí
- Riachtanais shainiúla d'fhostóirí agus d'fhostaithe sa reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa, agus i ndualgais cúraim faoin dlí coiteann chomh maith

# Dualgais na mBord Bainistíochta mar fhostóir

Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas 2005 - na príomhfhorálacha maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair

- na riachtanais rialaithe sábháilteachta, sláinte agus leasa ag an obair;
- an bhainistíocht, eagrú agus na córais oibre is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach;
- freagrachtaí agus róil na bhfostóirí, daoine féinfhostaithe, na bhfostaithe agus aon duine eile;
- na nósanna imeachta a bhfuil gá leo le cinntiú go gcomhlíonfar na riachtanais reachtaíochta.



# Dualgais fostaithe

De réir an dlí, is gá do gach fostaithe comhoibriú go huile agus go hiomlán leis an bhfostóir

- Aire a thabhairt, chun SS&L féin a chosaint, agus SS&L aon duine eile
- Comhoibriú lena f(h)ostóir go bhféadfaidh an fostóir na forálacha reachtúla cuí a chomhlíonadh
- Freastail ar chúrsaí oiliúna agus teagasc a fháil maidir le ceart úsáide earraí agus trealamh;
- Tealamh nó eadaí cosanta pearsanta (TCP) a chuirtear ar fáil a úsáid;
- Tuairisc a thabhairt dá f(h)ostóir a luaithe agus is féidir maidir le:
  - aon obair a d'fhéadfadh é/í féin nó daoine eile a chur i mbaol;
  - aon locht san áit oibre, sa chóras oibre, nó aon earra nó substaint a d'fhéadfadh é/í féin nó daoine eile a chur i mbaol;
  - aon rud a sháraíonn na forálacha reachtúla cuí go bhfios dó/di;

Seachain iompar míchuí agus contúirteach.

# Dualgas cúraim na mBord Bainistíochta mar fhostóir de réir an dlí

Bunphrionsabal faoin dlí coiteann forbartha ag na cúirteanna go mbeidh dualgas dlíthiúil ar gach fhostóir, timpeallacht oibre shábháilte a chutadh d'fhostaithe a mhéid is indéanta. Tugtar dualgas cúraim an fhostóra nó dliteanas an fhostóra ar seo.

Ní dualgas iomlán é timpistí a chosc agus más féidir a chruthú gur glacadh gach cúram réasúnta iad a chosc, seachnófar an dliteanas.

- áit oibre réasúnta sábháilte a chinntiú
- foireann atá réasúnta meabhrach (inniúil) ar shábháilteacht a chinntiú
- gléasra agus trealamh réasúnta sábháilte a chinntiú
- córais oibre réasúnta sábháilte a chinntiú

# Dualgas cúraim na mBord Bainistíochta ar lean

## Dlíteanas ionadach

- Bíonn an bord bainistíochta freagrach as gníomhartha nó neamhghníomhartha gach fostaí
- Má tharla an gníomh nó an neamhghníomh fad is a bhí an fostaí ag obair faoi rialú an bhoird bhainistíochta, seans go mbeidh an bord faoi dhlíteanas ionadach ansin as an díobháil a tharla

# Dualgas cúraim na mBord Bainistíochta ar lean

## Dualgais na mBord Bainistíochta faoin Acht um Dhliteanas Áiritheoirí, 1995

- Leagann an tAcht um Dhliteanas Áititheoirí, 1995, dualgais ar áititheoirí maidir le trí chatagóir iontrálaithe: Cuirteoirí (lena n-áirítear tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí, srl.), Úsáideoirí Caithimh Aimsire agus Foghlaithe.
- Dearcadh gurb é dualgas an fhostóra gach cúram réasúnta a dhéanamh, ag féachaint do gach riosca intuartha, ar mhaithe le sábháilteacht agus dea-bhail fostaithe nó aon duine eile atá faoina stiúir nó faoina rialú.
- Má chloíonn scoileanna leis an an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005), seachnófar, don chuid is mó, éilimh ar chúiteamh faoin dlí coiteann.

# Go raibh maith agaibh

Faigh sleamhnáin & taifead ón seisiún inniu ag:

[www.foras.ie/oiliuint-do-phriomhoidi/](http://www.foras.ie/oiliuint-do-phriomhoidi/)



AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA